OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# An Dioplóma sa Ghaeilge

**Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag tairiscint cúrsaí Dioplóma sa Ghaeilge, ag leibhéal 7 de chuid an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, thar dhá bhliain (páirtaimseartha) don phobal, do mhic léinn agus d'fhoireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá an Dioplóma ar fáil ag leibhéil éagsúla ó Thosaitheoirí go hArdleibhéal. Tosóidh an cúrsa seo i mí Mheán Fómhair.**

## An Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1 (Ardleibhéal)

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil leibhéal pas bainte amach acu i scrúdú ardleibhéil Gaeilge na hArdteistiméireachta agus/nó a shásaíonn Stiúrthóir Acadúil an chúrsa nó a (h)ionadaí go bhfuil caighdeán sásúil bainte amach acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge.

### Aidhmeanna

- Cur le cumas na mac léinn an Ghaeilge a shealbhú sa tslí agus go mbeidh siad inniúil ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa teanga.
- Meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú sna mic léinn a neartóidh a n-iompar Gaeilge sa saol mór.

## An Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2 & B1 (Meánleibhéal)

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine ar spéis leo cur lena gcuid eolais ar an teanga. Beidh an cúrsa seo oiriúnach (i) do dhaoine a bhfuil an Dioplóma A2 sa Ghaeilge bainte amach go sásúil acu nó (ii) do dhaoine a bhfuil buneolas acu ar an teanga cheana féin (de bharr a dtréimhse scolaíochta in Éirinn, mar shampla).

### Aidhmeanna

- Déanfar saibhriú agus buanú ar na scileanna teanga atá insealbhaithe ag na mic léinn cheana féin agus déanfar na scileanna seo a fhorbairt agus a leathnú ionas go mbeidh ar a gcumas iad féin a chur in iúl go sásúil i réimse níos leithne comhthéacsanna.
- Forbrófar scileanna labhartha, scríofa, éisteachta agus léitheoireachta na mac léinn.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

## Diploma in Irish, Level A2 (Beginners)

This course is suitable for students who have no prior knowledge of the language. The mission of this two year part-time course is to give students a basic knowledge and understanding of Irish. Through this course, the students' communicative skills will be developed to enable them to interact through Irish in a range of basic everyday situations.

### Objectives

- To develop the students' understanding of the written and spoken language.
- To enable the students to take a basic part in everyday communication through the medium of Irish.

### Entry Requirements

There are no formal entry requirements for this course. Applications are welcome from those who are interested in gaining a basic knowledge of the language.

## An Triail Socrúcháin Teanga

Cabhróidh an triail seo linn freastal ar riachtanais teanga na bhfoghlaimeoirí trí thástáil a dhéanamh ar an leibhéal teanga atá acu. Cliceáil ar an nasc seo chun tús a chur leis an Triail Socrúcháin Teanga do leibhéal C1, B2 & B1.

www.nuigalway.ie/acadamh/cursai/foirmeacha/foirm_diop_gaeilge/

### Táille/Fee:

€990 sa bhliain/per year. €660 do alumni OÉ Gaillimh/ alumni of NUI Galway.

*Thosnaigh mé An Dioplóma sa Ghaeilge (C1) cé nach raibh abairt amháin scríofa agam as Gaeilge le blianta fada. Bhíos beagáinín eaglach ar dtús ach ní raibh aon ghá leis. Ní raibh aon stró sna ranganna is thug na mic léinn an-mhisneach is tacaíocht dá chéile. Bhí sármhúinteoir againn a roinn a chruinneas is a shaibhreas teanga linn. Bhí cabhair is cúnamh ar fáil i gcónaí ó fhoireann an Acadaimh. Tá béim sa chúrsa ar an gcruinneas ach gan é a bheith saoithíneach. Molaim d'aon duine a bhfuil suim acu sa teanga an cúrsa seo a thógaint. Bainfidh tú sult is sásamh as na ranganna is feabhas ag teacht ar chaighdeán do chuid Gaeilge.*

Seosamh Caomhánach, Mionloch, Co. na Gaillimhe

## Tuilleadh Eolais/Further Information:

Caitríona Leather,
Oifig an Dioplóma sa Ghaeilge,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
**t:** 091 495248
**r:** andioplomasaghaeilge@oegaillimh.ie

www.oegaillimh.ie/acadamh